

FÓGRA - ALT 38

Scéim Taistil Ghníomhaigh Órán Mór go Stáisiún Traenach, Órán Mór, Co. na Gaillimhe.

Faoi Alt 38 den Acht um Thrácht ar Bhóithre, 1994, féadfaidh Údarás Bóthair, ar mhaithe le sábháilteacht agus le héascaíocht úsáideoirí bóithre, cibé obair mhaolaithe tráchta a mheastar a bheith inmhianaithe a dhéanamh i leith bóthar poiblí atá faoina gcúram.

Tá sé beartaithe ag Comhairle Chontae na Gaillimhe Scéim Taistil Ghníomhaigh a chur i bhfeidhm ag an suíomh seo a leanas:

Bóthar an Chósta R338, Órán Mór, Co. na Gaillimhe idir agus lena n-áirítear an t-acomhal le Bóthar Rochtana an Stáisiúin Traenach atá taobh thiar agus Timpeallán Bhóthar Rochtana Tesco atá ar an taobh thoir.

Seo a leanas achoimre ar na bearta atá beartaithe don suíomh seo (ag braith ar mhaoiniú):

- Uasghráduithe ar áiseanna do choisithe ar feadh an bhealaigh, lena n-áirítear uasghráduithe agus deisiúcháin ar chosáin atá ann cheana féin
- Áiseanna rothaíochta nua ar feadh an bhealaigh, lena n-áirítear thart ar 800m de chosán comhroinnte agus thart ar 300m de raon rothaíochta scartha.
- Athruithe ar acomhal Bhóthar an Stáisiúin/Bhóthar an Chósta, lena n-áirítear sliosbhóthar atá casadh ar chlé agus oileáin deighilte tráchta a bhaint as.
- Uasghráduithe ar Thimpeallán Bhóthar Rochtana Tesco, lena n-áirítear trasrianta ardaithe do choisithe agus rothaithe
- Trasrianta túcánach nua do choisithe agus rothaithe 4m ar leithead ar Bhóthar an Chósta.
- Trasrian atá ann cheana a bhaint agus trasrian comhthreomhar comharthaíochta agus coisithe nua a thógáil ar Bhóthar an Stáisiúin, thart ar 28m ó thuaidh ón acomhal le Bóthar an Chósta.
- Trasrianta nua neamhrialaithe ardaithe do choisithe agus do rothaithe ag acomhal Rochtana an Stáisiúin Traenach, acomhal an Bhóthair Áitiúil L7105, agus acomhail bhóithre rochtana Inse Ghlas agus Chósta na Mara.

Tá tuilleadh eolais, lena n-áirítear líníochtaí don scéim, ar fáil ar líne ag:

<https://consult.galway.ie/> Dé hAoine, 20 Feabhra 2026 go Dé hAoine, 6 Márta 2026 ag 12pm.

Ina theannta sin, féadfar iad a fheiceáil freisin, le linn gnáthuaireanta oibre, ag: Comhairle Chontae na Gaillimhe, Áras an Chontae, Cnoc na Radharc, Gaillimh, H91 H6KX le linn na tréimhse céanna atá luaite thuas.

Is féidir aighneachtaí i scríbhinn maidir leis na hoibreacha beartaithe thuasluaite a chur chuig an bhFoireann Taistil Ghníomhaigh, Comhairle Chontae na Gaillimhe, Áras an Chontae, Cnoc na Radharc, Gaillimh, H91 H6KX nó go leictreonach chuig <https://consult.galway.ie/>.

Is é 12pm Dé hAoine, an 6 Márta 2026 an dáta is déanaí a ghlacfar le aighneachtaí den sórt sin.